

# LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT DON FHOGHLAIM AGUS DON SAOL

## An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna buíochas a ghabháil leis na scoileanna thíos as cead a thabhairt dúinn grianghraif a úsáid:
Pobalcholáiste Scoil Mhuire, Scoil Mhuire, Contae Chorcaí
Scoil Náisiúnta an Teampaill Ghil, Bóthar an Teampaill Ghil, Baile Átha Cliath 16

# LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT DON FHOGHLAIM AGUS DON SAOL

## An Straitéis Náisiúnta chun Feabhas a Chur ar Litearthacht agus Uimhearthacht i Measc Páistí agus Daoine Óga

## 2011-2020

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

## NÓTA ÓN AIRE RUAIRÍ QUINN, TD



Ruairí Quinn, TD,
Aire Oideachais
agus Scileanna

I mí Iúil sheol mé *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* - an straitéis náisiúnta chun feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht i measc páistí agus daoine óga. Forbraíodh an straitéis tar éis phróiseas fhairsing comhairliúcháin agus is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an líon mór daoine aonair, scoileanna, grúpaí agus eagraíochtaí a raibh lámh acu i gcruth a chur ar an doiciméad tábhachtach seo.

Tugann an bhileog seo blas duit de phríomhchodanna na Straitéise agus tá súil agam go ngríosfaidh sé thú chun an doiciméad iomlán ar shuíomh gréasáin na Roinne léamh.

Táim lánchinnte go bhfuil litearthacht agus uimhearthacht i measc na scileanna beatha is tábhachtaí a mhúintear inár scoileanna. Níor cheart do leanaí an scoil a fhágáil gan máistreacht a bheith acu ar na scileanna sin go feadh a gcumais. Tá scileanna litearthachta agus uimhearthachta fíor-riachtanach chun go dtiocfaidh forbairt ar dhuine mar dhuine aonair, chun go mbainfidh sé sásamh agus pléisiúr as an saol agus go nglacfaidh sé páirt iomlán sa sochaí. Ceann de na rudaí is fearr is féidir linn a dhéanamh chun ceartas agus cothromas a bhaint amach inár dtír ná a chinntiú go sealbhaíonn gach duine óg na scileanna seo.

Tá a fhios againn, áfach, go bhfuil roinnt leanaí ann nach bhfuil ag forbairt na scileanna seo mar ba cheart. Léiríonn an Clár don Rialtas go bhfuil an Rialtas tiomnaithe lena chinntiú nach bhfágfaidh aon duine óg an scoil gan bheith ábalta léamh agus cumarsáid a dhéanamh ó bhéal agus i scríbhinn agus sna meáin dhigiteacha, agus ábalta an Mhatamaitic a úsáid ina saol laethúil agus sa bhreisoideachas. Leagtar amach i *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* an bealach ina n-oibreoimid chun na spriocanna ríthábhachtacha sin a bhaint amach sa

tréimhse idir seo agus 2020. Cuireann sé spriocanna arda romhainn agus déanann sé cur síos ar na bearta nach mór dúinn a dhéanamh chun feabhas a chur ar mhúineadh agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta.

Dúshlán mór ann féin a bheadh ann i dtoscaí ar bith na bearta agus spriocanna uaillmhianacha na straitéise a bhaint amach, ach is mó an dúshlán a bheidh ann agus sinn ag déanamh ár ndícheall an caiteachas poiblí a chiorrú sa timpeallacht mar atá faoi láthair. Ciallaíonn sé seo go mbeidh orainn na hacmhainní a aimsiú chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm trí chaiteachas a chur in athord tosaíochta agus trína chinntiú go bhfaighimid na torthaí is fearr ar fad is féidir ó na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ann cheana.

Mar sin féin, agus na dúshláin mhóra seo os ár gcomhair amach, is mór an t-ábhar misnigh dom an líon mór daoine agus eagraíochtaí a ghlac páirt sa phróiseas náisiúnta comhairliúcháin, a bhí mar threoir leis an straitéis seo a scríobh. Léiríonn a ngafacht siúd chomh tiomanta is atá muintir na hÉireann - laistigh den chóras oideachais agus sa phobal níos leithne freisin - feabhas a chur ar chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo leas fócasaithe a bhaint as an tiomantas sin ar mhaithe le comh-iarracht náisiúnta ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta den scoth a bhaint amach i measc leanaí agus daoine óga. Táim ag súil le bheith ag obair libh ar an tasc náisiúnta fíorthábhachtach seo.

**Ruairí Quinn, TD, Aire Oideachais agus Scileanna**

## IS DÚINN GO LÉIR AN STRAITÉIS SEO

Treoirphlean an-tábhachtach is ea *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* – an straitéis náisiúnta chun feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht i measc páistí agus daoine óga – don chaoi a n-oibreoimid chun múineadh agus foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta a leasú agus a fheabhsú. Leagann an Straitéis amach réimse cuimsitheach spriocanna agus bearta a chuimsíonn múineadh, foghlaim agus measúnú na litearthachta agus na huimhearthachta ón luath-óige go deireadh na scolaíochta.

Le himeacht aimsire, cuirfidh sí athruithe suntasacha ar réimsí ar nós forbairt ghairmiúil múinteoirí, curaclam na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna, obair lucht bainistíochta scoile, an chaoi a n-úsáidimid an measúnú sa litearthacht agus san uimhearthacht, an chaoi a thuairiscíonn scoileanna do thuismitheoirí, do bhoird bhainistíochta agus don Roinn faoi dhul chun cinn na ndaltaí. Admhaíonn an Straitéis nach féidir leis an gcóras oideachais leis féin litearthacht agus uimhearthacht níos fearr a sheachadadh agus tá sé i gceist aici go mbeidh ról lárnach ag tuismitheoirí agus ag pobail chun leanaí agus daoine óga a thacú agus a spreagadh chun eolas a chur ar an gcaoi leis an litearthacht agus an uimhearthacht a úsáid agus a thuiscint ina saol.

## ROCHTAIN AR LEAGAN IOMLÁN NA STRAITÉISE

Cuireann an bhileog seo achoimre ghairid ar fáil de phríomhchodanna na Straitéise. Tá téacs iomlán na Straitéise ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.education.ie). Gheobhaidh tú aighneachtaí ar an suíomh gréasáin chomh maith, mórán díobh ó scoileanna, mar aon le doiciméid eile a tháinig as an bpróiseas comhairliúcháin agus a chuaigh i gcion ar scríobh na Straitéise.

## CÉN CHAOI AR DEARADH AN STRAITÉIS?

Chuaigh próiseas fairsing comhairliúcháin i gcion ar fhorbairt *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol.* Tar éis do Dhréachtphlean na Roinne chun feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht i scoileanna a bheith foilsithe i Samhain 2010, seoladh próiseas poiblí comhairliúcháin. Fuarthas beagnach 480 aighneacht agus tionóladh sraith cruinnithe comhairleacha duine le duine le príomheagraíochtaí. Rinne mórán múinteoirí agus foirne scoile aighneachtaí agus chuir roinnt áirithe coláistí agus ranna oideachais as na hollscoileanna doiciméid doimhne a bhí bunaithe ar thaighde faoi bhráid an phróisis chomhairliúcháin.

Tá na haighneachtaí scríofa uile agus liosta gearr d'aon phointí breise a ardaíodh ag na cruinnithe duine le duine ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Thug oifigigh na Roinne cuairt ar scoileanna chomh maith agus chuaigh siad i gcomhairle le hoifigigh agus saineolaithe sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an bhForas Taighde ar Oideachas, Droim Conrach, le Comhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta, le Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus leis and gComhairle Mhúinteoireachta.

## NA PRÍOMHRÉIMSÍ ATÁ SA STRAITÉIS

Díríonn an Straitéis ar shé chinn de phríomhréimsí ar mhaithe le feabhas a chur ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta, agus is iad sin:

- Cur ar chumas tuismitheoirí agus pobal tacú le forbairt litearthacht agus uimhearthacht leanaí
- Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí oideachais agus cúraim luath-óige trí athruithe ar oideachas réamhsheirbhíse agus inseirbhíse
- Cur le cumas lucht ceannais na scoileanna bearta feabhsaithe ar mhúineadh agus measúnú na litearthachta agus na huimhearthachta a stiúradh sna scoileanna
- Inneachar an churaclaim a bheith i gceart againn chomh fada is a bhaineann le litearthacht agus uimhearthacht ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile trína chinntiú go bhfuil an curaclam soiléir faoi chéard atáimid ag súil leis go bhfoghlaimeodh na mic léinn é ag gach céim de
- Acmhainní breise atá ar fáil a dhíriú ar fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, lena n-áirítear daltaí ó phobail faoi mhíbhuntáiste, daltaí atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise agus daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu
- Feabhas a chur ar an gcaoi a n-úsáideann múinteoirí, scoileanna agus an córas oideachais modhanna éifeachtacha measúnachta d'fhonn na chéad chéimeanna eile a phleanáil do gach aon fhoghlaimeoir agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

## SPRIOCANNA NA STRAITÉISE

Leagann an Straitéis amach sraith spriocanna le feabhas a chur ar chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta don tréimhse 2011 go 2020. Is iad sin:

*Feabhas a chur ar na dearcthaí againn i leith na litearthachta agus na huimhearthachta*

- Feasacht a mhúscailt i measc an phobail ar thábhacht teanga labhartha agus scríofa sna foirmeacha go léir aici (prionta, scríobh agus na meáin dhigiteacha san áireamh)
- Pléisiúr sa léitheoireacht a chothú i measc leanaí agus daoine óga
- Feasacht níos mó ar an Matamaitic agus dearcthaí níos dearfaí ina leith a chothú i measc an phobail
- Dearcthaí níos fearr i leith na Matamaitice a chur chun cinn i measc páistí agus daoine óga

*Feabhas a chur ar na torthaí ag leibhéal na luath-óige*

- Feabhas a chur ar inniúlacht teanga labhartha páistí fíor-óga i suíomhanna chúram agus oideachas luath-óige (COLÓ) agus a n-ullmhacht chun teanga agus smaointe luatha matamaitice a fhorbairt

*Feabhas a chur ar na torthaí ag leibhéal na bunscoile*

- Cinntigh go gcuireann gach aon bhunscoil aidhmeanna roimpi i bplean feabhsúchán scoile agus go ndéanann sí monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach atá dúshlánach, ach indéanta ag an am céanna, ar mhaithe le feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na mac léinn
- An céatadán de na páistí bunscoile atá ag feidhmiú ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 nó os a gcionn sin (na leibhéil is airde) i Measúnacht Náisiúnta na Matamaitice agus na Léitheoireachta Béarla a mhéadú de 5 phointe céatadáin ar a laghad ag rang a dó agus rang a sé araon faoi 2020

- An céatadán de na páistí atá ag feidhmiú ag Leibhéal 1 (íosleibhéal) nó faoina bhun sin i Measúnacht Náisiúnta na Matamaitice agus na Léitheoireachta Béarla a laghdú de 5 phointe céatadáin ag rang a dó agus rang a sé araon faoi 2020
- Feasacht a mhéadú ar thábhacht na litearthachta digití agus measúnachtaí ar chumas mac léinn bunscoile chun ábhar digiteach a léamh a chur san áireamh mar chuid de na measúnachtaí náisiúnta ar an léitheoireacht Bhéarla

*Feabhas a chur ar na torthaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile*

- Cinntigh go gcuireann gach aon iar-bhunscoil aidhmeanna roimpi i bplean feabhsúchán scoile agus go ndéanann sí monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach atá dúshlánach, ach indéanta ag an am céanna, ar mhaithe le feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na mac léinn
- Measúnacht Náisiúnta na Matamaitice agus na Léitheoireachta Béarla a leathnú chun feidhmíocht mac léinn ag deireadh na dara bliana den iar-bhunoideachas a mheasúnú; úsáid a bhaint as sonraí as na measúnachtaí seo chun na leibhéil ghnóthachtála mar atá siad cheana féin a fháil amach agus chun spriocanna indéanta feabhsaithe a leagan amach, ar a nós siúd a mbeidh glactha leo ag an mbunleibhéal
- Feasacht a mhéadú ar thábhacht na litearthachta digití agus measúnachtaí ar chumas mac léinn iar-bhunscoile chun ábhar digiteach a léamh a chur san áireamh mar chuid de na measúnachtaí náisiúnta ar an léitheoireacht Bhéarla
- An céatadán de na mic léinn 15 bliana déag d'aois atá ag feidhmiú ag Leibhéal 4 agus Leibhéal 5 nó os a gcionn sin (na leibhéil is airde) i dtástálacha litearthachta agus uimhearthachta PISA a mhéadú de 5 phointe céatadáin ar a laghad faoi 2020
- An céatadán de na mic léinn 15 bliana déag d'aois atá ag feidhmiú ag Leibhéal 1 (íosleibhéal) nó faoina bhun sin i dtástálacha litearthachta agus uimhearthachta PISA a laghdú faoina leath faoi 2020
- An céatadán de na mic léinn a dhéanann an scrúdú Matamaitice Ardleibhéil ag deireadh na Timthrialla Sóisearaí (i.e. scrúdú an Teastais Shóisearaigh nó a choibhéis) a mhéadú go dtí 60 faoin gcéad faoi 2020

## FEIDHMEOFAR NA BEARTA THAR AN TRÉIMHSE 2011 GO 2020

Cuirfear na bearta sa Straitéis chun feidhme thar a saolré ó 2011 go 2020. Is tionscnaimh fhadtéarmacha iad alán de na bearta sa Straitéis, agus ní fheicfear a n-éifeacht go ceann roinnt mhaith blianta, ach beidh éifeacht níos láithrí ag cuid eile acu. Tá sé ráite ag an Aire nach mór tabhairt faoi na bearta go léir i spiorad práinne agus tiomantais. Tá amlíne ag gach ceann de na bearta sa Straitéis agus tá an fhreagracht phríomha as a sheachadadh sannta go soiléir.

I measc na mbearta sa Straitéis atá ceaptha chun tacú le **tuismitheoirí agus pobail** tá:

- Tacú le feachtas náisiúnta faisnéise chun cur le feasacht ar an ról lárnach atá ag tuismitheoirí agus pobail chun tacú le foghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta
- Faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thuismitheoirí chun cur ar a gcumas tacú le forbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta a gcuid páistí

- Scoileanna a spreagadh chun oibriú go dlúth le tuismitheoirí agus tacú le tuismitheoirí agus iad ag cabhrú lena gcuid páistí nuair a bheidh siad ag foghlaim.

I measc na mbearta sa Straitéis chun **feabhas a chur ar oideachas múinteoirí** le haghaidh múinteoirí réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile tá:

- an clár céime BEd. do mhúinteoirí bunscoile a fhadú go dtí ceithre bliana agus an dioplóma iarchéime do mhúineadh bunscoile a fhadú go dtí dhá bhliain
- raon de chúrsaí roghnacha a chur in áit an staidéir ar na daonnachtaí (ar a dtugtar freisin "cúrsaí toghthacha acadúla") i gclár an BEd, cúrsaí gur mó a ngaol leis an oideachas, agus an chuid d'aga an chláir atá tiomanta do na cúrsaí toghthacha seo a theorannú d'aga faoi bhun 20% d'aga foriomlán an chláir, d'fhonn níos mó ama a fhágáil chun eolas gairmiúil agus scileanna oideolaíocha na múinteoirí a fhorbairt
- an cúrsa oideachais múinteoirí le haghaidh múineadh iar-bhunscoile a fhadú go dtí dhá bhliain
- a chinntiú go mbíonn modúil faoi mhúineadh, foghlaim agus measúnacht na litearthachta agus na huimhearthachta ina riachtanas éigeantach do gach cúrsa oideachais do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile
- sainriachtanais go mbeadh aonaid éigeantacha faoi litearthacht, uimhearthacht agus measúnacht san áireamh i gcúrsaí forbartha leanúnaí gairmiúla do mhúinteoirí
- feabhas a chur ar chúrsaí oideachais do lucht foirne atá ag obair i réamhscoileanna.

I measc na mbearta sa Straitéis chun cur le cumas **lucht ceannais na scoileanna** tá:

- Feabhas a chur ar thuiscint na bpríomhoidí agus na leas-phríomhoidí ar na modhanna is éifeachtaí chun feabhas a chur ar mhúineadh na litearthachta agus na huimhearthachta agus ar úsáid na measúnachta
- Tacú le príomhoidí agus leas-phríomhoidí chun féinmheastóireacht dhian scoile a chur i bhfeidhm, ag díriú go háirithe ar fheabhsuithe ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht.

I measc na mbearta sa Straitéis a bhaineann le hinneachar an churaclaim tá:

- An curaclam Béarla (le haghaidh na scoileanna uile) agus an curaclam Gaeilge (le haghaidh na scoileanna lán-Ghaeilge) i mbunscoileanna a leasú chun a léiriú go soiléir céard a bhítear ag súil leis go bhfoghlaimeodh páistí ag gach céim; leasú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an gcuraclam Gaeilge do scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla
- Eilimintí de churaclam na bunscoile i ranganna na naíonán a leasú chun comhsheasmhacht a chinntiú leis an gcreat curaclaim *Aistear* do réamhscoileanna a fógraíodh i 2009 agus béim níos mó á cur ar luathfhorbairt teanga agus uimhearthachta
- Cur leis an méid ama a chaitear ar mhúineadh na litearthachta agus na huimhearthachta i mbunscoileanna
- Tús áite a thabhairt do leasú ar an gcuraclam don Bhéarla agus don Ghaeilge san athbhreithniú ar an timthriall shóisearach lena chinntiú go dtugtar tús áite do scileanna litearthachta

Leanúint le rollú amach Tionscadal Mata in iar-bunscoileanna

- Cur leis an méid ama atá ar fáil chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta na mac léinn a fhorbairt tríd an líon ábhar is féidir le mac léinn a thógain sa scrúdú don Teastas Sóisearach a theorannú d'ocht gcinn agus a éileamh go múintear an Mhatamaitic ar feadh chúig thréimhse sa tseachtain ar a laghad.

I measc na mbearta sa Straitéis atá ceaptha chun cabhrú le **foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu** tá:

- Tacú i gcónaí le soláthar feabhsaithe litearthachta agus uimhearthachta do mhic léinn gur as cúlraí faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus oideachaisúil iad
- Na tacaíochtaí atá ar fáil chun tacú le riachtanais foghlama litearthachta agus uimhearthachta mac léinn an Bhéarla mar Theanga Breise a athchothromú trí chaiteachas a mhéadú ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann uile agus an líon múinteoirí a leithdháiltear ar scoileanna i gcomhair an Bhéarla mar Theanga Breise a laghdú
- Tacú i gcónaí le soláthar feabhsaithe litearthachta agus uimhearthachta do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear mic léinn ardchumais

I measc na mbearta sa Straitéis chun feabhas a chur ar an mbealach ina ndéanann scoileanna **measúnú agus tuairisciú ar dhul chun cinn mac léinn** sa litearthacht agus san uimhearthacht tá:

- A chinntiú go gcuirtear an curaclam i láthair mar thorthaí soiléire foghlama agus go mbíonn samplaí dá bhfuil foghlamtha ag na mic léinn mar bhonn taca leis d'fhonn cur ar chumas na múinteoirí an measúnú a úsáid chun bheith mar threoir lena gcuid teagaisc, i.e. measúnú don fhoghlaim (McF) a úsáid
- A éileamh go n-úsáidfí measúnuithe caighdeánaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht ag deireadh rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé i mbunscoileanna agus ag deireadh na dara bliana in iar-bhunscoileanna
- A éileamh ar gach scoil é seo agus sonraí measúnaithe eile a úsáid mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta le bheith mar threoir le forbairt phlean feabhsaithe scoile (mar a éilíonn an Clár don Rialtas)
- A éileamh ar mhúinteoirí tuairisciú do thuismitheoirí agus don bhord bainistíochta faoi ghnóthachtáil na ndaltaí
- Socruithe a chur ar bun chun sonraí faoi ghnóthachtáil daltaí a aistriú ó réamhscoileanna go dtí bunscoileanna agus ó bhunscoileanna go dtí iar-bhunscoileanna
- Torthaí comhiomlánaithe na dtástálacha caighdeánaithe a bhailiú ar fud an náisiúin agus an fhaisnéis sin a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin. Níl sé ar intinn na sonraí seo a úsáid chun táblaí sraithe a chruthú
- Feabhas a chur ar mheastóireacht na scoileanna i dtaca leis an litearthacht agus leis an uimhearthacht (ag úsáid féinmheastóireacht scoile agus iniúchadh seachtrach araon)
- Páirt a ghlacadh sna measúnachtaí idirnáisiúnta a éascaíonn tagarmharcáil ghnóthachtáil mac léinn na hÉireann le tagarmharcáil ghnóthachtáil na mac léinn i dtíortha eile.

Arna fhoilsiú ag

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1.

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2011